COMHLACHAS
IDIR
AN tAONTAS EORPACH
AGUS MARACÓ

An Chomhairle Comhlachais

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. fr)**

**UE-MA 2704/25**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS MARACÓ lena leasaítear Prótacal 4, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh …**
**ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS**
**IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS MARACÓ**

**an...**

**lena leasaítear Prótacal 4, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-MARACÓ,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile[1], agus go háirithe Airteagal 5 de Phrótacal 4 de a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin,

---

[1] IO L 70, 18.3.2000, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/204/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 29 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó den pháirt eile ('an Comhaontú Comhlachais'), tagraítear do Phrótacal 4 den Chomhaontú sin ('Prótacal 4') lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.

(2) Foráiltear le hAirteagal 5 de Phrótacal 4 go bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh forálacha Phrótacal 4 a leasú.

(3) Sonraítear sa Dearbhú Comhpháirteach a bhaineann le Prótacal 4 go mbainfidh táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialú údaráis chustaim Ríocht Mharacó tairbhe as na fabhair thrádála chéanna a dheonaíonn an tAontas Eorpach do tháirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais agus go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí sin a shainiú, lena n-áirítear maidir le cruthúnais tionscnaimh, cé is moite d'eisceachtaí dá ndéantar foráil i gcinntí ón gComhairle Comhlachais.

(4) Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, arna thabhairt i gcrích an 3 Deireadh Fómhair 2025.

(5) Ba cheart Prótacal 4 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis na leasuithe is gá chun infheidhmeacht an Phrótacail sin maidir le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar agus leanúint den trádáil a áirithiú, go háirithe i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil an iascaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear Teideal III le Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin:

'Teideal III
Forálacha a bhaineann leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Phrótacal 1 agus Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

Airteagal 8
Eisceachtaí ar chur i bhfeidhm mutatis mutandis Phrótacal 4

Agus an Coinbhinsiún agus na Rialacha idirthréimhseacha á gcur i bhfeidhm,

Tagraíonn na focail 'longa na gcríoch sin' agus 'longa próiseála na gcríoch sin' i dTeideal II den Choinbhinsiún agus sna Rialacha Idirthréimhseacha do Bhallstát den Aontas, do Mharacó nó don Sahára Thiar.

Ní dhéanfaidh oibriú, próiseáil nó modhnú i Maracó ná coinsíneachtaí arna n-onnmhairiú ó Mharacó chuig an Aontas difear d'fhorálacha Theideal III den Choinbhinsiún ná do na Rialacha idirthréimhseacha.

Déanfar na cruthúnais ar thionscnamh a chomhlánú mar seo a leanas:

Sa deimhniú gluaiseachta EUR.1:

I mbosca 2 'Deimhniú a úsáidtear i dtrádáil fhabhrach idir … agus …', tá tagairt do 'Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann le Comhaontú Eora-Mheánmhara an … 2025' le cur isteach.

Ní líonfar isteach Bosca 4 'Tír, grúpa tíortha nó críoch as a meastar gur tháinig na táirgí'.

Áireofar tagairtí do 'Dakhla Oued Ed-Dahab' nó 'Laâyoune-Sakia El Hamra', de réir mar is iomchuí, i mbosca 7 'Barúlacha'.

Sa dearbhú tionscnaimh, áireofar tagairtí do 'Dakhla Oued Ed-Dahab' nó 'Laâyoune-Sakia El Hamra', de réir mar is iomchuí, i ndáil le fonóta (2) de na hiarscríbhinní maidir le téacs an dearbhaithe tionscnaimh.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige amhail ón 3 Deireadh Fómhair 2025

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Teimpléad le haghaidh deimhniú gluaiseachta EUR.1

<table>
<tr>
<td rowspan="3">1. Onnmhaireoir (ainm, seoladh, tír)<br><br>(Gan athrú)</td>
<td colspan="3">EUR.1 Uimh. A 000 000</td>
</tr>
<tr>
<td colspan="3">Féach na nótaí ar an taobh thall sula líonfaidh tú isteach an fhoirm seo.</td>
</tr>
<tr>
<td colspan="3" rowspan="2">2. Deimhniú a úsáidtear i dtrádáil fhabhrach idir<br><br>......................................................<br><br>agus<br><br>Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile<br><br>(Cuir isteach na tíortha, grúpaí tíortha nó críocha lena mbaineann)</td>
</tr>
<tr>
<td rowspan="2">3. Seolaí (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach)<br><br>(Gan athrú)</td>
</tr>
<tr>
<td>4. An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch as a meastar gur tháinig na táirgí<br><br>(Ná líon isteach)</td>
<td colspan="2">5. Tír, grúpa tíortha nó críoch an chinn scríbe<br><br>(Gan athrú)</td>
</tr>
<tr>
<td>6. Sonraí iompair (Roghnach)<br><br>(Gan athrú)</td>
<td colspan="3">7. Nótaí<br><br>Tagairt do thionscnamh réigiúnach (Laâyoune-Sakia El Hamra, Dakhla Oued Ed-Dahab)</td>
</tr>
<tr>
<td colspan="2">8. Uimhir an earra, marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na pacáistíochta[1];<br><br>Tuairisc ar na hearraí[2]<br><br>(Gan athrú)</td>
<td>9. Mais ollmhais (kg) nó eile tomhas<br><br>(l, $m^3$, etc.)<br><br>(Gan athrú)</td>
<td>10. Sonraisc (roghnach)<br><br>(Gan athrú)</td>
</tr>
</table>

**Teimpléad le haghaidh dearbhú tionscnaimh**

An leagan Gaeilge

Onnmhaireoir na dtáirgí a chumhdaítear sa doiciméad seo (údarú custaim Uimh. …[(1)]) dearbhaíonn sé leis seo, mura sonraítear a mhalairt go soiléir, gur táirgí de thionscnamh fabhrach iad na táirgí seo.

Tagairt do thionscnamh réigiúnach (Laâyoune-Sakia El Hamra, Dakhla Oued Ed-Dahab).[(2)]

..........................................................................................................................................

(Áit agus dáta)[(3)]

..........................................................................................................................................

(Síniú an onnmhaireora agus tagairt, i bhfocail,
d’ainm an duine a shíníonn an dearbhú)[(4)]

(1) I gcás inarb onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas an dearbhú tionscnaimh, ní mór uimhir údaraithe an onnmhaireora fhormheasta a iontráil sa spás seo. I gcás nach onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas an dearbhú tionscnaimh, fágfar ar lár na focail idir lúibíní nó fágfar bán an spás.

(2) Tionscnamh na dtáirgí le sonrú. Nuair a bhaineann an dearbhú tionscnaimh ina iomláine nó nuair a bhaineann cuid de, le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, ní mór don onnmhaireoir iad a léiriú go soiléir sa doiciméad ina bhfuil an dearbhú tarraingthe suas trí bhíthin an chomhartha ‘CM’.

(3) Féadfar na tásca sin a fhágáil ar lár má tá an fhaisnéis ar fáil sa doiciméad féin.

(4) I gcás nach bhfuil gá le síniú na n-onnmhaireoirí, tugtar le tuiscint leis an díolúine ón síniú go bhfuil díolúine ann freisin maidir le hainm an tsínitheora.